

Post	<b>Oifigeach Comhshaoil Réigiúnach (Innealtóir Grád III)</b>
Conradh	<b>Lánaimseartha; Conradh Tréimhse Éiginnte</b>
Grúpa Seirbhíse	<b>Seirbhísí Teicniúla Bia Mara</b>
Suíomh	<b>Lonnaithe i gCeannoifig BIM, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire nó i gceann dár n-oifigí réigiúnacha (Is féidir iarratas ar shocrú Cumaisc a dhéanamh)</b>

#### Cur síos gairid ar BIM:

Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht lascaigh Mhara, 1952). Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagracht as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhírú ar na cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

1. Inbhuanaitheacht
2. Scileanna
3. Nuálaíocht
4. Iomaíochas
5. Ceannaireacht

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM. Tá sé aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí um Fhorbairt Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha agus Cumarsáid Corparáideach. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail le cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Ar deireadh, tá Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí, áit a dtacaíonn sé le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht i dtionscal bia mara na hÉireann.

#### Misean BIM

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

## Cur síos ar Ghrúpa Seirbhíse cuí:

### **Seirbhísí Teicniúla Bia Mara (STS)**

Tá aonad gnó STS comhdhéanta de chúig rannóg, Caomhnú Iascaigh, Dobharshaothrú, Inbhuanaitheacht & Deimhniú, Forbairt Réigiúnach an Tuaiscirt agus Forbairt Réigiúnach an Deiscirt. Is ar bhonn réigiúin is mó a bhíonn na foirne bunaithe agus cumhdaíonn siad imeallbhord iomlán na hÉireann. Tá obair na gcúig fhoireann STS chomh héagsúil agus chomh hilchineálach le Bia Mara na hÉireann féin, obair a chumhdaíonn gach ní ó iascaigh ar scála beag, dobharshaothrú iasc eite, sliogéisc agus feamainne, fearais roghnaitheach iascaireachta, an timpeallacht, ábhair phlaisteacha a laghdú, agus éifeachtúlacht phróiseála.

## Achoimre ar an Ról:

Is post buan é seo i gceann de shuíomhanna BIM. Is príomhaonad gnó é STS laistigh de BIM a bhainistíonn ní hamháin caidreamh dinimiciúil le hearnáil an Bhia Mara ach a chuireann go mór le cruthú agus cur chun cinn tionscal inbhuanaithe, atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil.

Cothaíonn ról an Oifigigh Réigiúnaigh Comhshaoil an fheidhm sin, toisc go dtacaíonn an ról le dhá fhoireann forbartha réigiúnacha atá ag obair leis na hearnálacha dobharshaothraithe agus iascaigh chun aghaidh a thabhairt ar réimse leathan saincheisteanna comhshaoil agus inbhuanaitheachta.

Chomh maith leis an méid a luadh thuas, beidh ról ríthábhachtach ag an iarrthóir a n-éireoidh leis sa phost seo maidir le gníomhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn laistigh de straitéisí uileghabhálacha do na hearnálacha lena n-áirítear, *inter alia*, NSPEA, *Straitéis Iascaigh Chladaigh agus OP Bia Mara*.

Ní mór don iarratasóir a n-éireodh leis a bheith ina chumarsáidí spreagtha cumasach atá in ann stíl agus ábhar a oiriúnú don sprioclucht éisteachta. Cuid bhunúsach d'éifeachtacht an róil seo is ea an cumas tuiscint a chruthú ar an bpolasaí agus ar na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus leis an gcomhshaoil ionas go n-éireodh na Foirne Réigiúnacha laistigh de BIM níos cumasaí agus níos éifeachtaí agus iad ag plé le cásanna casta a thagann chun cinn don tionscal bia mara ar an gcósta.

Cothóidh siad agus coinneoidh siad caidreamh dearfach le réimse leathan páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Is tréith lárnach freisin é an cumas ceangal agus cumarsáid mhaith a dhéanamh le baill an tionscail agus le seirbhísigh phoiblí.

## Príomhthascanna:

- Cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann Forbartha Réigiúnach maidir le saincheisteanna comhshaoil.
- Pleananna gníomhaíochta a nuashonrú/a dhreachtú don earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe chun eolas a dhéanamh do na measúnuithe faoi Threoir an AE maidir le hÉin agus Gnáthóga.
- Caidreamh comhoibríoch a chruthú le gnólaicthe iascaigh áitiúla agus dobharshaothraithe, comhlachtaí rialála, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

- Faire na fáistine a dhéanamh chun athruithe agus nuashonruithe ar bheartais chomhshaoil a fheiceáil a théann i bhfeidhm ar earnáil an bhia mara agus ar a hinbhuanaitheacht.
- Treoracha, pleananna agus beartais nua a athbhreithniú agus a dhéanamh inrochtana chun na Foirne Réigiúnacha a chur ar an eolas, agus aon fhreagraí comhairliúcháin riachtanacha a chomhordú.
- Tacaíocht a chur ar fáil do ghrúpálacha tionscail de réir mar is gá ar bhonn réigiúnach chun tacú leis an oifigeach áitiúil.

Beidh gá le taisteal réigiúnach mar chuid den ról seo, agus beifear ag súil le míleáiste bliantúil 10,000 km - 15,000 km.

#### **Eile:**

Aon dualgais ghaolmhara eile a chomhlíonadh a bhfuil gá leo agus a iarrtar ó am go ham.

#### **Struchtúr Tuairiscithe:**

Stiúrthóir: Stiúrthóir Seirbhísí Teicniúla Bia Mara

Bainisteoir Líne: Bainisteoir Forbarta Réigiúnach - Thuaidh

#### **Teagmhálacha:**

##### **Laistigh de BIM**

- Oifigigh Forbartha Acmhainní Réigiúnacha
- Bainisteoir(i) Forbartha Acmhainní Réigiúnacha
- Gach ball foirne in Aonad Gnó STS
- Gach ball foirne in Aonad Gnó um Sheirbhísí Forbartha Scileanna
- Príomhfhoireann in D&I BU agus sna hAonaid Ghnó BIM eile
- Foireann Fáiltithe laistigh de BIM

##### **Lasmuigh de BIM**

- Oibreoirí bia mara de réir mar is gá.
- Leasanna phobail cois cósta mar a leagadh síos i scéimeanna agus éileamh chlár oibre BIM.
- Páirtithe leasmhara agus comhlachtaí seachtracha laistigh den earnáil iascaigh agus do bharshaothraithe.
- DAFM agus Rannóg Gníomhaireachtaí Mara agus Cláir Chomhlachaithe DAFM.
- An Grúpa Bainistithe Cladaigh (IMG).

- An Fóram Náisiúnta Iascaigh Cois Cladaigh (NIFF), an Cumann Náisiúnta Iascaigh Cois Cladaigh (NIFA an Eagraíocht Náisiúnta Iascaigh Cois Cladaigh (NIFO) agus na Fóraim Iascaigh Réigiúnacha Cois Cladaigh (RIFFanna).
- MI, SFPA, Grúpaí Forfheidhmithe LEADER, Údarás na Gaeltachta, Institiúidí 3ú Leibhéal, FSAI, CIL, MSO, Comhairlí Contae, EPA, An Roinn Comhshaoil.
- Comhlachtaí Rialála seachtracha ábhartha eile.
- Tionscal do Bharshaothraithe iascaigh ábhartha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

#### **Oiliúint**

- Aithneofar riachtanais oiliúna trínár gCóras Bainistithe Feidhmíochta.

#### **Cáilíochtaí Oideachais, Gairmiúla nó Teicniúla, Eolas, Scileanna, Cumas, Taithí agus Oiliúint**

##### **Riachtanach:**

- Céim 3<sup>ú</sup> leibhéal i ndisciplín teicniúil ábhartha (Eolaíochtaí na Beatha, Comhshaoil).
- Taithí 3 bliana ar a laghad ag obair i ról den chineál céanna nó taithí ábhartha ag obair laistigh den earnáil iascaigh agus do bharshaothraithe.
- Ábalta smaoineamh go straitéiseach agus sin a léiriú mar aon le cruthaitheacht, treallús, tiomantas agus fuinneamh chun torthaí a bhaint amach.
- Ardscileanna scríbhneoireachta agus an cumas tuarascálacha eolaíochta agus eile a chur i dtoll a chéile agus a chur in eagar agus ábhar a foilsíodh mar fhianaise air sin.
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta agus an cumas caidreamh maith a bhunú agus a choinneáil le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- Ardscileanna obair foirne.
- Ceadúnas tiomána iomlán agus úinéireacht ar charr.

##### **Inmhianaithe:**

- Ábalta eolas a ghlacadh agus a scaipeadh go rathúil ar lucht éisteachta nach bhfuil baint acu leis an eolaíocht agus ábalta fianaise air sin a léiriú.
- Sábháilteacht ar Muir (Cuirfidh BIM oiliúint ar fáil ina leith sin áfach más gá).

##### **Tuarastal:**

Ag grád Innealtóra III a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail atá ceadaithe ag an Roinn Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €35,336 - €72,999 (amhail an 1 Márta 2023) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe.

Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

#### Saoire Bhliantúil:

Is é 25 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo.

Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

#### Fad an Chonartha:

Is ceapachán lánaimseartha, buan é seo. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí den chonradh.

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig [jobs@bim.ie](mailto:jobs@bim.ie) nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

#### **Is é 5 p.m. an 3 Aibreán 2023 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig [jobs@bim.ie](mailto:jobs@bim.ie).

**Úsáid Sonraí** - Ní bhainfeadh úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

*Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara*

